# CEISTEANNA COITIANTA DO DHALTAÍ

## CAD IAD NA CEARTA ATÁ AGAM FAOI NA RIALACHA NUA SEO?

**Mar dhuine óg:**

- Tá sé de cheart agat ábhar mídhleathach nó díobhálach ar líne a thuairisciú. Ba cheart córais tuairiscithe a bheith so aimsithe/so úsáidte.
- Nuair a chláraíonn tú le hardán, ba cheart na Téarmaí agus Coinníollacha a bheith éasca le tuiscint.
- Tá sé de cheart agat gan fógraí spriocdhírithe ort a fháil.
- Tá sé de cheart agat cosaint a fháil ar dhíobháil ar líne.

Tá sé mar aidhm ag na rialacha seo tú a chosaint ó ábhar mídhleathach agus díobhálach ar líne agus dualgas a chur ar ardáin ar líne céimeanna a ghlacadh ionas nach bhfeiceann tú an t-ábhar sin.

## CAD ATÁ I GCEIST LE HÁBHAR MÍDHLEATHACH NÓ DÍOBHÁLACH AR LÍNE?

Go ginearálta, má tá rud éigin mídhleathach sa saol mar atá (bagairtí báis nó ciapadh), tá siad mídhleathach ar líne freisin.

- Áirítear le hábhar mídhleathach ar líne agus ábhar sceimhlitheoireachta, foréigean as cuimse, pornagrafaíocht (má tá tú níos óige ná 18) agus ábhar drochúsáide gnéasaí leanaí.
- Áirítear le hábhar díobhálach ar líne cibearbhulaíocht, dúshláin chontúirteacha, ábhar a chuireann féinmharú nó féindochar chun cinn, agus ábhar a chuireann neamhoird itheacháin chun cinn.

## NACH BHFUIL RIALACHA ANN CHEANA FÉIN IN ÉIRINN MAIDIR LEIS AN SPÁS AR LÍNE? CAD FAOI 'DLÍ COCO'?

Tá, tugadh isteach rialacha nua in Éirinn lena gcuimsítear an spás ar líne le blianta beaga anuas. Leagann 'Dlí Coco' (nó an tAcht um Chiapadh, Cumarsáid Dhochrach agus Cionta Gaolmhara 2020) reachtaíodh síos maidir le comhroinnt íomhánna dlúthphearsanta ar líne agus cibearbhulaíocht mhailíseach.

## CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁ FHEICIM AON ÁBHAR DÍOBHÁLACH NÓ MÍDHLEATHACH AR LÍNE?

- Ní mór duit an t-ábhar seo a thuairisciú ar an ardán ina bhfaca tú den chéad uair é. Cuireann na rialacha nua iallach ar ardáin ábhar mídhleathach a bhaint anuas agus ba chóir go mbeadh sé éasca duit ábhar a thuairisciú ar líne.
- D'fhéadfadh próiseas beagán difriúil, ón bpróiseas a bhaineann le hábhar díobhálach a thuairisciú, a bheith ag teastáil chun ábhar mídhleathach a thuairisciú mar go mb'fhéidir go mbeadh ort na dlíthe a sháraíonn an t-ábhar i do thír a leagan amach.

## AN BHFUIL FEIDHM AG NA RIALACHA SEO MAIDIR LE GACH ARDÁN AR AN IDIRLÍON?

- Níl. Tá feidhm ag an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha (DSA) maidir le VLOPanna (ardáin an-mhóra ar líne e.g Facebook, Instagram, X, LinkedIn) nó VLOSE (innill chuardaigh an-mhór ar líne ar nós Google, Bing) atá bunaithe in Éirinn. Tá 45 milliún usáideoir ag na VLOPs agus VLOSEs san Eoraip. Tá oibleagáidí níos lú freisin ar ardáin nach bhfuil 45 milliún úsáideoir acu, tugtar 'faoi bhun na tairsí' orthu sin.
- Baineann an Cód Sábháilteachta Ar Líne (OSC) le hardáin comhroinnte físeán atá bunaithe in Éirinn – YouTube, TikTok, Facebook, Instagram, Tumblr, Pinterest, Udemy, Reddit, X, LinkedIn.
- Baineann soláthraithe seirbhíse óstála (mar shampla, ardáin meán sóisialta, seirbhísí óstála gréasáin) le Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne (TCOR)

## CAD FAOI BHRÉAGAISNÉIS? TÁ SÉ SIN DÍOBHÁLACH, ACH NÍL SÉ MÍDHLEATHACH. AN FÉIDIR LIOM É SEO A THUAIRISCIÚ?

- Tugann roinnt ardán deis duit bréagaisnéis a thuairisciú. Ní gá d'ardáin postálacha a bhaint mar gheall ar bhréagaisnéis.

- D'fhéadfadh go mbeadh ábhar ar an idirlíon nach bhfuil fíor, nach n-aontaíonn tú leis nó nach dtaitníonn leat, ach ní chiallaíonn seo go mbeidh an t-ábhar seo bainte ón idirlíon má dhéanann tú tuairisc orthu. Muna bhfuil an t-ábhar mídhleathach nó muna théann sé i gcoinne Théarmaí agus Choinníollacha an ardáin, ní dócha go mbainfear é.

- Tá sé tábhachtach labhairt le duine fásta iontaofa faoi cheisteanna nó faoi bhuairt atá agat faoi a bheith ar líne. Má theastaíonn cúnamh uait chun a mheas an bhfuil an t-eolas a fheiceann tú ar líne cruinn nó nach bhfuil, caith súil ar an suíomh gréasáin Bíodh Tuiscint Agat ar na Meáin de chuid Media Literacy Ireland. Treoraíonn sé chuig d'eagraíochtaí seiceála fíricí thú ar féidir leat a fhiosrú.

Coimisiún na Meán

## CAD A DHÉANFAIDH MÉ MÁS RUD É NACH DTARLAÍONN AON RUD TAR ÉIS DOM AN T-ÁBHAR MÍDHLEATHACH/DÍOBHÁLACH SEO A THUAIRISCIÚ. CAD A DHÉANFAIDH MÉ ANSIN?

Mura bhfuil aon bhealach ann chun an t-ábhar seo a thuairisciú, nó mura fhreagraíonn an t-árdan do thuairisc i mbealach tráthúil ag míniú an fáth gur bhain nó nár bhain siad an t-ábhar ón árdán, is é do cheart é seo a thuairisciú chuig do Choimisiún na Meán. Is féidir leat ríomhphost a sheoladh go usersupport@cnam.ie.

## CAD A THARLÓIDH MÁ THUAIRISCÍM DO CHOIMISIÚN NA MEÁN?

- Má dhéanann tú tuairisc do Choimisiún na Meán, cuirfear roinnt ceisteanna ort ionas gur féidir lenár bhfoireann an tsaincheist a fhiosrú. Uaireanta, níl muid an t-eagraíocht ceart chun cabhair a thabhairt duit agus d'fhéadfaí go n-atreorófar tú chuig eagraíocht eile ar féidir cabhrú leat.
- Tabhair faoi deara – níl sé de chumhacht ag Coimisiún na Meán ábhar mídhleathach a bhaint anuas láithreach ón idirlíon. Mar sin féin, má fhaighimid amach go bhfuil ardán ag sárú na rialacha go córasach, is féidir linn imscrúdú a thosú. Má chinneann an t-imscrúdú seo gur bhris an t ardán na rialacha, is féidir go ngearrfar fíneáil móra.

Tabhair Cuairt ar
www.cnam.ie/ga/

Le haghaidh tuilleadh eolais

Coimisiún na Meán